Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13853/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0205(COD)**

**TRANS 670**
**AVIATION 280**
**ENV 871**
**ENER 490**
**IND 341**
**COMPET 810**
**ECO 122**
**RECH 505**
**CODEC 1467**
**CLIMA 371**
**RELEX 970**

**TUARASCÁIL**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 10884/21 INIT+ADD 1 -3 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn / Díospóireacht bheartais |

*Tá sé beartaithe ag an Uachtaránacht go mbeadh tuarascáil ar dhul chun cinn agus díospóireacht bheartais ann maidir leis an togra thuas in oirchill na Comhairle Iompair, Teileachumarsáide agus Fuinnimh ar an 9 Nollaig 2021. D'fhonn na hairí a chur ar an eolas faoin dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus chun malartú tuairimí maidir le saincheisteanna substaintiúla a stiúradh, tá tuarascáil ar dhul chun cinn ullmhaithe ag an Uachtaránacht (Iarscríbhinn I). Ag féachaint do dhíospóireacht bheartais na n-airí, tá nóta stiúrtha ar fáil do na toscaireachtaí in Iarscríbhinn II.*

*Iarrfar ar Coreper/ar an gComhairle an tuarascáil ar dhul chun cinn a leagtar amach in Iarscríbhinn I a thabhairt dá n-aire. Iarrfar ar an gComhairle aghaidh a thabhairt ar na pointí a leagtar amach in Iarscríbhinn II.*

**IARSCRÍBHINN I**

## I. RÉAMHRÁ

Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 14 Iúil 2021 mar chuid den phacáiste 'Oiriúnach do 55'[1] arb é is aidhm dó beartais aeráide, fuinnimh, talamhúsáide, iompair agus chánachais AE a dhéanamh oiriúnach chun sprioc AE maidir le laghdú glan intíre 55 % ar a laghad ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach, i gcomparáid le 1990, faoi 2030.

Is é an cuspóir atá leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' na spriocanna a comhaontaíodh sa Dlí Aeráide Eorpach[2] a bhaint amach ionas go ndéanfar an geilleagar agus an tsochaí a athrú ó bhonn ar mhaithe le todhchaí níos cothroime, níos glaise agus níos rathúla a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí astaíochtaí a laghdú sna deich mbliana atá amach romhainn má tá an Eoraip le bheith ar an gcéad mhór-roinn aeráidneodrach faoi 2050 agus má tá an Comhaontú Glas don Eoraip le fíorú.

D'fhonn an sprioc a bhaint amach maidir le AE a chur ar chonair na haeráidneodrachta faoi 2050, theastódh laghdú tuairim is 90 % ar astaíochtaí iompair. Bheadh ról suntasach ag an togra thuas maidir leis an méid sin, ó tharla gurb é is príomhchuspóir dó éileamh agus soláthar Breoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe, lena n-áirítear Breoslaí Eitlíochta Sintéiseacha, a mhéadú, agus san am céanna cothrom iomaíochta a áirithiú ar fud mhargadh aeriompair an Aontais. Is ar na gnéithe seo a leanas a dhírítear i bpríomhfhorálacha an togra:

[1] Is éard atá sa phacáiste dhá thogra dhéag ón gCoimisiún i réimse an fhuinnimh, an chomhshaoil, an chánachais, na trádála agus an iompair; táthar ag súil le tograí breise i réimse an bheartais fuinnimh idir seo agus deireadh na bliana. Le beartais iompair a bhaineann trí cinn de na tograí reachtacha: an togra thuas, an togra maidir le breoslaí in-athnuaite sa mhuiriompar (ReFuel Maritime) agus an Rialachán maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla (AFIR).

[2] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021).

(i) riachtanais a leagan síos le haghaidh an mhéadaithe ar bhreosla eitlíochta inbhuanaithe agus ar bhreosla eitlíochta sintéiseach, ag tosú in 2025 agus ag méadú de réir a chéile go dtí 2050;

(ii) idirthréimhse a bhunú a gceadófaí do sholáthróirí breosla lena linn na spriocanna a leagtar amach san iarscríbhinn a bhaint amach mar mheán ualaithe ar fud an Aontais;

(iii) bearta fritancála a áirithiú;

(iii) oibleagáidí tuairiscithe a leagan síos le haghaidh soláthróirí breosla agus oibreoirí aerárthaí.

Tá idirnaisc idir an togra thuas agus tograí eile sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'. Go háirithe, is as an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (RED)[3] a thagann an sainmhíniú ar bhreosla eitlíochta inbhuanaithe agus ar bhreosla eitlíochta sintéiseach dá dtagraítear ann. Tá nasc idir AFIR[4] agus an fhoráil maidir leis an oibleagáid atá ar aerfoirt an Aontais an bonneagar a sholáthar.

---

[3] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018).

[4] Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le himscaradh bonneagair breoslaí ionadúla, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle - COM(2021) 559 final.

## II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach[5] as an togra seo agus is é Søren GADE (DK, RENEW) an rapóirtéir.

Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim an 20 Deireadh Fómhair 2021[6]. Níor ghlac Coiste na Réigiún a thuairim maidir leis an togra seo go fóill.

Ghlac Parlaimint na Spáinne tuairim[7] maidir le cur i bhfeidhm Phrionsabal na Coimhdeachta an 27 Deireadh Fómhair 2021 agus ghlac Seanad na Seicia rún[8] maidir leis an togra.

---

5 Gníomhóidh coistí parlaiminteacha ITRE agus ENVI faoin nós imeachta coiste comhlachaithe (riail 57 de Rialacha Nós Imeachta Pharlaimint na hEorpa.)
6 ST 13293/1/21 REV 1.
7 ST 13710/21
8 ST 14035/21

## III. AN OBAIR LAISTIGH DEN CHOMHAIRLE AGUS LAISTIGH DE CHOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

Le linn Uachtaránacht na Slóivéine, pléadh an togra thuasluaite ag líon suntasach cruinnithe ar leibhéal na Meithle um Eitlíocht. Go nuige seo, tiomnaíodh seacht gcinn de chruinnithe do chur i láthair an togra, don anailís ar an measúnú tionchair a ghabhann leis, don mhionscrúdú a rinneadh air, airteagal ar airteagal, agus don scrúdú ar thrí cinn de chomhréitigh ón Uachtaránacht.

Ina theannta sin, tugadh aghaidh ar an togra seo faoi chuimsiú malartú tuairimí níos leithne a rinneadh ag cruinniú Choiste na mBuanionadaithe an 12 Samhain 2021 maidir leis na trí chomhad a bhaineann le hiompar atá sa phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

D'ullmhaigh Uachtaránacht na Slóivéine freisin tuarascáil 13977/21, a bhfuil sé mar aidhm aici staid fhoriomlán na himeartha a léiriú agus forléargas a thabhairt ar an dul chun cinn a rinneadh, ní hamháin maidir leis an togra seo ach maidir leis an bpacáiste 'Oiriúnach do 55' ina iomláine. Dírítear sa tuarascáil ar na gnéithe cothrománacha, amhail na hidirnaisc idir tograí, agus na príomh-shaincheisteanna a tarraingíodh anuas sa phlé go dtí seo. Dáileadh an tuarascáil sin mar dhoiciméad cúlra ar fhoirmíochtaí uile na Comhairle atá freagrach as tograí éagsúla an phacáiste.

## IV. AG OBAIR I DTREO COMHRÉITIGH

D'ullmhaigh agus phléigh an Uachtaránacht le comhaltaí na Meithle um Eitlíocht trí cinn de théacsanna comhréitigh[9] ina dtugtar aghaidh ar fhormhór na saincheisteanna atá sa togra. Mar sin féin, ní mór tuilleadh oibre a dhéanamh maidir leis an dá phríomh-shaincheist achrannacha a liostaítear thíos.

Léirigh an díospóireacht an luach a leagann na Ballstáit ar an togra. Cé go dtacaíonn na Ballstáit leis na cuspóirí atá ag an togra, ní hionann an cur chuige atá ag go leor acu maidir leis an gcaoi ar cheart na cuspóirí sin a bhaint amach. I gcaitheamh an phlé a rinneadh le linn Uachtaránacht na Slóivéine, rinneadh na gnéithe seo a leanas a shoiléiriú agus a fheabhsú:

1) tugadh isteach clásal um rogha a bheith páirteach le haghaidh aerfoirt bheaga ar mhaith leis na Ballstáit iad a thabhairt isteach faoi raon feidhme an togra.

2) leathnaíodh arís raon feidhme na n-oibreoirí aerárthaí agus is mó oibreoir aerárthaí a thagann anois faoi raon feidhme an Rialacháin.

3) soiléiríodh an sainmhíniú ar 'breosla eitlíochta bliantúil is gá' agus Airteagal 5 d'fhonn bearta sábháilteachta a áirithiú sna forálacha fritancála.

4) soiléiríodh a bhfuil i gceist le léiriú ar chomhlíonadh ag soláthróirí breosla.

5) soiléiríodh ról an údaráis inniúil náisiúnta, go háirithe vis-à-vis Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh.

6) cuireadh feabhas ar an téarmaíocht a bhaineann le fíneálacha.

7) tugadh isteach bunús le haghaidh na n-oibleagáidí maidir le sonraí a bhailiú agus a thuairisciú chun a áirithiú go ndéanfar faireachán ar éifeachtaí an Rialacháin seo ar iomaíochas oibreoirí agus mhoil an Aontais.

[9] ST 11686/21 + REV 1-2

## V. CONCLÚIDÍ

Ar bhonn na hoibre a rinneadh go dtí seo, tháinig an Uachtaránacht ar na conclúidí seo a leanas:

1. Tacaíonn na Ballstáit, a bheag nó a mhór, le cuspóirí an dréachtrialacháin.

2. Mar sin féin, tá dá chnámh spairne ann nach ionann na seasaimh atá ag na Ballstáit ina leith. Is iad an dá chnámh spairne sin:

   - leibhéal agus uainiú na sainorduithe a thugtar isteach sa Rialachán seo;
   - an sainmhíniú ar Bhreoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe lena gcinntear raon feidhme na mbreoslaí atá le ceadú a thagann faoin Rialachán seo.

3. Ar deireadh, is gá fós tuilleadh mionsaothraithe a dhéanamh ar roinnt pointí atá fós gan réiteach. Ina measc siúd tá:

   - na forálacha fritancála maidir le heitiltí laistigh de AE;
   - fad, agus raon feidhme na hidirthréimhse;
   - ceann scríbe na bhfíneálacha arna mbailiú ag na Ballstáit faoi Airteagal 11 maidir le Forfheidhmiú;
   - sruthlíniú na dtáblaí in Iarscríbhinn II.

Cé go measann an Uachtaránacht go ndearna sí obair mhór ar an téacs agus ar na pointí nach bhfuil chomh conspóideach agus atá pointí eile, tá tuilleadh obair ullmhúcháin fós le déanamh. Tá moltaí déanta ag an Uachtaránacht freisin maidir leis na príomhchnámha spairne atá sa téacs comhréitigh deireanach uaithi, ach is gá plé níos doimhne a dhéanamh.

I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe agus ar an gComhairle an tuarascáil seo a thabhairt dá n-aire ar dhul chun cinn i ndáil leis an obair ar an Rialachán atá beartaithe maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe.

**IARSCRÍBHINN II**

*Iarrtar ar na Ballstáit a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na gnéithe seo a leanas den togra:*

- *leordhóthanacht leibhéal na sainorduithe cumaisc atá molta ag an gCoimisiún chun spriocanna aeráide AE a bhaint amach;*
- *maidir le cur chuige an Choimisiúin i dtaobh na mbreoslaí ba cheart a bheith incháilithe mar Bhreoslaí Eitlíochta Inbhuanaithe, an bhfuil an cur chuige sin leordhóthanach chun freagairt don leibhéal uaillmhéine maidir le breoslaí eitlíochta inbhuanaithe ar fud an Aontais, agus sláine comhshaoil agus iomaíochas oibreoirí an Aontais a áirithiú san am céanna.*